
















# 2024
# Athbhreithniú ar an mBliain

NSAI

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Innéacs
## Sa tuarascáil seo...


ÚCNÉ: Feabhsú agus nuálaíocht á gcur chun cinn do thodhchaí na hÉireann 3

Eagraíochtaí Éireannacha a chumasú: Léargas ar 2024 de réir uimhreacha 4

*Caighdeáin*

*Méadreolaíocht dhlíthiúil*

*Eolaíocht an tomhais*

*Deimhniúchán*

Ag Tacú le tionscal na hÉireann: Scéala ón gCathaoirleach & ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin 6

Barr feabhais a chumasú: Buaicphointí 2024 7

Ár gcuid oibre a chur i gcomhthéacs: Forléargas straitéiseach agus beartais 2024 11




*Sa ghrianghraf: Toscairí a d'fhreastail ar chruinniú iomlánach EIC/CT 198, Steiriliú táirgí cúraim sláinte - a reáchtáladh in ATU, Gaillimh*



# ÚCNÉ: Feabhsú agus nuálaíocht á gcur chun cinn do thodhchaí na hÉireann

Is é Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) comhlacht oifigiúil caighdeán na hÉireann. Le beagnach 30 bliain, táimid tar éis seirbhísí caighdeánaithe, deimhniúcháin agus tomhais a chuir ar fáil ar son stát na hÉireann. Gach lá, déanaimid iarracht a bheith nuálach chun cabhrú le todhchaí atá níos sábháilte, níos fearr agus níos inbhuanaithe a mhúnlú.

Ag tuairisciú don Aire Gnóthaí Beaga agus Miondíola sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, táimid ag feidhmiú mar chomhpháirtí feabhsaithe gnólachta. Cabhraímid le gnólachtaí Éireannacha dul chun cinn a dhéanamh ar ardán domhanda.

Ar ár gcuid cliant tá gnóthais bheaga agus mheánmhéide Éireannacha agus gnólachtaí ilnáisiúnta atá ag feidhmiú ar fud 30 tír. Cuidímid leo na nithe seo a leanas a dhéanamh:

+ nuáil
+ bheith iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta
+ cloí le chaighdeáin, le dlíthe agus le rialacháin ábhartha
+ feabhsú ar bhonn leanúnach.

Faigh amach faoin gcaoi a gcuidímid le heagraíochtaí bheith faoi rath:

**Éire:** NSAI.ie

**RA:** NSAI.uk

**Domhanda:** NSAIinc.com

*Sa ghrianghraf: Stewart Hickey, ÚCNÉ, (ar dheis), taobh le Avril McCarthy agus Gerard McCarthy, Derrycourt Cleaning Specialists. Bronnadh ceadúnas Éicilipéad AE ar an gcuideachta seo atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath trí ÚCNÉ, mar gheall ar na seirbhísí glantacháin faoi dhíon a chuireann sí ar fáil.*

# Eagraíochtaí Éireannacha a chumasú: Léargas ar 2024 de réir uimhreacha

## Caighdeáin agus forbairt caighdeán

**1,467**
caighdeán foilsithe

**286,209**
caighdeán a ndearnadh amharc orthu/íoslódáilte

**200**
comhalta coiste nua fáiltithe

## Méadreolaíocht Dhlíthiúil

**6,212**
áitreabh ar tugadh cuairt orthu ar fud na hÉireann

**22,292**
n-ionstraim trádála a bhfuil iniúchadh déanta orthu

## Eolaíocht an tomhais

### tríd an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (SNM)

**5,489**
deimhniú calabraithe eisithe ag SNM do 412 cuideachta

**550**
lá taighde curtha i gcrích ag eolaithe tomhais ar mhaithe le cláir taighde Eorpacha

**45**
cuideachta i ndiaidh freastal ar 21 cúrsa oiliúna SNM

**21**
saotharlann ar fud na hÉireann ag baint tairbhe as tacaíocht

# Deimhniúchán

tri ÚCNÉ, ÚCNÉ Inc agus Deimhniúchán ÚCNÉ RA



**3,201**
lá iniúchta curtha i gcrích le haghaidh deimhniúcháin feiste leighis



**10,757**
táirge gluaisteáin formheasta



**378**
deimhniúchán i gcóras nua bainistíochta eisithe



**1,132**
táirge foirgníochta formheasta



**360**
suiteálaí inslithe cláraithe



**48**
cliantchomhlacht nua a ndearnadh freastal orthu trí Dheimhniúchán ÚCNÉ na RA, lena n-áirítear marcáil UKCA





**80**
fiosrúchán nua maidir le Modhanna Tógála Nua-aimseartha (MTN) faighte

**48**
fiosrúchán MTN nua faighte

# Ag Tacú le tionscal na hÉireann:Scéala ón **gCathaoirleach & ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin**



**James Kennedy**
*Cathaoirleach*



**Geraldine Larkin**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Déanann ÚCNÉ iarracht tacú le nuálaíocht, cabhrú le FBManna Éireannacha agus a bhonn eolais fairsing a roinnt. Dá réir sin, tá ár bPlean Straitéiseach 2022–2026 bunaithe ar na colúin seo a leanas - tithíocht, claochlú digiteach, aeráid agus teicneolaíocht míochaine.

### Tacaíocht ríthábhachtach do chaighdeáin

I ndiaidh dár bhfoireann Caighdeán obair shuntasach a dhéanamh agus taighde eolaíoch fairsing ar an gceist chasta a bhaineann le bloic choincréite lochtacha in 2023 agus 2024, d'oscail ÚCNÉ comhairliúchán poiblí maidir leis an dara heagrán de I.R.465, a ndearnadh athbhreithniú iomlán uirthi, i mí an Mhárta 2025. Tá sé seo fós mar phríomhthosaíocht ag ÚCNÉ.

In 2025, cabhróimid le hÉirinn freastal ar an éileamh ard tithíochta faoi Thithíocht do Chách trí dhlús a chur leis an gclaochlú digiteach san earnáil tógála. Déanfaimid é sin trí dheimhniúchán Agrément agus trí níos mó modhanna tógála nua-aimseartha (MTN) a dheimhniú. Déanfaidh muid ár n-aonad nua samhaltaithe faisnéise foirgnimh (SFF) a fhorbairt chomh maith.

### Digiteach: Claochlú a chumasú

I mí Feabhra 2024, d'óstálamar cruinniú Chomhchoiste Teicniúil Eorpach maidir le IS (CCT 21) ar bhonn comhpháirteach, agus i láthair ag an gcruinniú sin bhí saineolaithe caighdeán as 25 tír. Chomh maith leis sin, d'óstálamar imeachtaí comhthreomhara agus thugamar cuireadh do ghnólachtaí Éireannacha an léargas is déanaí ó na saineolaithe sin a fháil.

Leanfaimid ar aghaidh le slándáil faisnéise a threorú le linn dúinn feidhmiú mar phríomh-chomhordaitheoir chlár TrustBoost an AE. Tá an tionscnamh seo mar bhonn le cibearshlándáil, athléimneacht agus comhlíontacht ar fud an AE a fheabhsú.

Cabhróimid le teicneolaíocht nua a fhorbairt chun an próiseas forbartha caighdeán a fheabhsú agus soláthróimid feidhmiúlacht níos fearr d'úsáideoirí tionscail. Áirítear ansin uirlis ullmhachta deimhniúcháin nua a sheoladh do FBManna a bhaineann le slándáil faisnéise.

### Ról ceannaireachta i ndáil le caighdeáin ghlasa

Tá sé mar aidhm ag ÚCNÉ a bheith ina shampla de dhea-chleachtas inbhuanaitheachta. I mí na Samhna 2024, bronnadh deimhniúchán EIC 50001:2018 Córais bhainistíochta fuinnimh orainn, a chlúdaíonn ídiú fuinnimh ár bhfoirgneamh agus ár bhflít. In 2025, tá sé beartaithe againn fíorú gáis ceaptha teasa a rolladh amach do ghnólachtaí Éireannacha.

### Teicneolaíocht míochaine: Tacaíocht deimhniúcháin atá ag forbairt

Thacaigh ár bhfoirne feistí leighis le deimhniúchán déantúsaíochta feistí leighis de réir príomhchaighdeán. Áirítear air sin Rialachán maidir le Feistí Leighis an Aontais Eorpaigh agus I.R. EN CIL 13485:2016.

Lena chois sin, táimid ag obair ar athstruchtúrú suntasach ár rannáin feistí leighis chun tacú le fás gnólachtaí ar scála domhanda.

### Méadreolaíocht: Fíorú ríthábhachtach

Chun athléimneacht gnólachtaí Éireannacha a spreagadh in 2024, d'fhógair SNM gur seoladh an chéad seirbhís fíoraithe Srutha Sonraí CSD/CDLS (SSSF) san Eoraip, síneadh le Greille Uainiúcháin Náisiúnta na hÉireann.

Idir an dá linn, thacaigh Seirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla ÚCNÉ le tomhaltóirí agus leis an tionscal tacsaithe le fíorú tacsaiméadair, i ndiaidh na rátaí a athrú in 2024.

### Ról lárnach ag caighdeáin

Tráth a bhfuil Éire ag ullmhú chun glacadh le huachtaránacht Chomhairle an AE i mí Iúil 2026, tá ÚCNÉ ag leanúint ar aghaidh le ról ceannaireachta a bheith aige i ndáil le tacú leis an margadh aonair.

Is ról ríthábhachtach é sin ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach.



# Barr feabhais a chumasú: Buaicphointí 2024

## Eanáir 2024

**Scileanna digiteacha don earnáil tógála**

Rinne roinn MTN ÚCNÉ urraíocht ar Shraith Scileanna Digiteacha CiTA i gcomhair 2024, agus tacaíodh le naoi n-imeacht tionscail i rith 2024. Reáchtáladh an chéad imeacht i mí Eanáir tráth ar díríodh ar bhainistíocht tionscadail tógála, iarfheistiú, teicneolaíochtaí tumthacha, réamhdhéanamh agus SFF.

**Gairmithe Éireannacha a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu**

D'oibrigh rannán Caighdeán ÚCNÉ i gcomhpháirt le DKE (Coimisiún na Gearmáine um Theicneolaíochtaí Leictreacha, Leictreonacha agus Faisnéise), chun imeacht a eagrú do ghairmithe Éireannacha a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu agus dá gcontrapháirteanna Gearmánacha. Ba é *Poitéinseal IS agus an tslí a bhfuil sí ag brath ar chaighdeánú chun dul chun cinn a dhéanamh* an téama a bhí faoi chaibidil.

**Feasacht ar shlándáil faisnéise a chothú**

D'óstáil roinn bairr feabhais ÚCNÉ seimineár gréasáin dar teideal *Bímis ag caint faoi shlándáil faisnéise* don earnáil phoiblí agus phríobháideach. Eagraíodh an seimineár sin mar chuid den fheachtas feasachta leanúnach maidir le cibearshlándáil agus slándáil faisnéise.

## Feabhra 2024

**Barr feabhais trí dhaoine a aithint**

Bhí Clancy Construction, Comhairle Contae an Chláir agus Tusla i measc na gcomhlachtaí earnála poiblí agus príobháideacha ar bronnadh deimhniúcháin *Barr Feabhais Trí Dhaoine* orthu trí ÚCNÉ in 2024 (ETP 1000:2017). Tugann an scéim seo aitheantas d'eagraíochtaí a dhéanann forbairt chomhsheasmhach ar chórais, ar struchtúir, ar luachanna agus ar chultúr AD chun tacú le timpeallacht atá bunaithe ar dhaoine a fhorbairt do chomhaltaí foirne.

**Intleacht shaorga agus caighdeáin**

Chomhóstáil ÚCNE cruinniú iomlánach Chomhchoiste Teicniúil Eorpach le saineolaithe intleachta saorga agus caighdeán ó 25 tír (CCT 21 *Intleacht Shaorga*). I gcomhpháirt, thug an tAire Stáit, Dara Calleary TD, aitheasc tosaigh ag díospóireacht phainéil comhóstáilte ag ÚCNÉ agus ag Ionad ADAPT FÉÉ maidir le *An todhchaí a mhúnlú trí Chaighdeáin IS*.

## Márta 2024

**FBManna na hÉireann a Cheiliúradh**

Bhronn ÚCNÉ an gradam Nuálaí na Bliana ag Gradaim Náisiúnta Gnólachtaí Beaga Chomhlachas na nGnólachtaí Beaga, chun aitheantas a thabhairt don nasc tábhachtach idir barr feabhais, caighdeáin agus nuálaíocht.

## Aibreán 2024

**Deimhniú do shlándáil faisnéise a fháil**

Tháinig méadú 300% ardheimhniúchán FBManna Éireannacha don Chóras bainistíochta slándála faisnéise (EIC/CIL 27001:2022) in 2024. I measc na bhfiontar ar bronnadh deimhniúchán orthu bhí Alliance Medical Diagnostic Imaging Ltd, a bhfuil a cheanncheathrú i Luimneach, agus Compupac IT Solutions i Sligeach.

## Aibreán 2024

**Aistriú eolais**

Labhair oifigigh chaighdeán ÚCNÉ faoi chaighdeánú agus faoi nuálaíocht ag an gcomhdháil dar teideal *Luach an Aistrithe Eolais a Dhíghlasáil* a d'óstáil an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Fiontraíocht Éireann agus Aistriú Eolais na hÉireann i gcomhpháirt. Bhí Ard-Stiúrthóireacht Taighde agus Nuálaíochta an Choimisiúin Eorpaigh ag tacú leis an imeacht.

**Rochtain a fháil ar chaighdeáin**

Sheol ÚCNÉ a siopa gréasáin nua chun cur ar chumas úsáideoirí rochtain a fháil ar chaighdeáin náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla. Íoslódáiltear nó breathnaítear ar thart ar 280,000 caighdeán, ar an meán, gach bliain, trí Standards.ie.

## Bealtaine 2024

**Tionchar a imirt**

Sheol an tAire Stáit, Emer Higgins TD *Athbhreithniú ar an mBliain 2023* ÚCNÉ i dteannta le POF ÚCNÉ, Geraldine Larkin agus an Cathaoirleach, James Kennedy. Chomh maith leis sin, bhuail an tAire le gnólachtaí Éireannacha a bhfuil tairbhe bainte acu as deimhniúchán agus as caighdeáin.

**Tithíocht agus MTN**

Labhair foireann MTN ÚCNÉ ag roinnt imeachtaí tionscail agus chuir siad ábhar ar taispeáint ag roinnt comhdhálacha i rith na bliana. Ag comhdháil náisiúnta MMC Ireland a reáchtáladh i gCill Chainnigh agus ag cruinniú mullaigh DIGICON Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta i mBaile Átha Cliath, rinne ÚCNÉ cur síos ar an gcosán atá le leanúint do dheimhniúchán
Agrément MTN ÚCNÉ.

**Marcáil CE**

D'fhreastail Deimhniúchán ÚCNÉ RA ar an gComhdháil agus Taispeántas Déantúsaíochta agus Slabhra Soláthair i mBaile Átha Cliath, agus roinneadh faisnéis maidir le marcáil CE agus UKCA le gnólachtaí.

**An Lá Domhanda Méadreolaíochta**

Thug an tAire Stáit, Emer Higgins TD, cuairt ar Shaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta ÚCNÉ i nGlas Naíon chun ceiliúradh a dhéanamh ar an Lá Domhanda Méadreolaíochta i dteannta le heolaithe ÚCNÉ, cigirí méadreolaíochta dlíthiúla agus daltaí bunscoile áitiúla.

## Meitheamh 2024

**Young Professionals Programme**

Ag na Gradaim Barr Feabhais CP, tugadh ardmholadh do ÚCNE agus do Carr Communications as tionscadal a cuireadh i gcrích i gcatagóir an *Fheachtais Earnála Poiblí nó na Státseirbhíse is Fearr*. Mar chuid den tionscadal earcaíodh na chéad ainmnithe Éireannacha eile do Chlár Gairmithe Óga CIL (Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil).

**Steiriliú táirgí cúraim sláinte**

D'óstáil ÚCNÉ cruinniú iomlánach de choiste teicniúil idirnáisiúnta ar Champas Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i nGaillimh. Bhailigh saineolaithe domhanda le chéile chun plé a dhéanamh ar steiriliú táirgí cúraim sláinte (EIC/CT 198 *Steiriliú táirgí cúraim sláinte*).



*Pictured: David Fleming of NSAI's NML at the announcement of Europe's first verified GPS/GNSS Data Stream service*



**Iúil 2024**

**Voltas leictreach a thomhas**
Rinne SNM ÚCNÉ réadú príomhúil ar an aonad voltais trí úsáid a bhaint as *Caighdeán Voltais Eagair Josephson*. Is caighdeán crióigineach é sin a éilíonn teocht atá díreach cúpla céim os cionn dearbhnialais. Ciallaíonn réadú aonaid voltais go gcruthaítear caighdeán atá an-chruinn agus an-chomhsheasmhach chun voltas leictreach a thomhas.

**Cabhrú le mic léinn chun caighdeáin a úsáid**
Chomhoibrigh ÚCNÉ le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun sraith físeán do mhic léinn a fhorbairt. Tarraingíodh aird sna físeáin sin ar conas is féidir caighdeáin a úsáid do thaighde agus do thionscadail.

**Aistriú an gheilleagair chiorclaigh**
Chomhordaigh Ionad Bairr Feabhais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht ÚCNÉ le comhlachtaí rialtais eile agus leis an earnáil thionsclaíoch i rannán Deimhniúcháin agus i Rannán Caighdeán ÚNCÉ. I dteannta a chéile, d'fhorbair siad doiciméad seasaimh dar teideal *Tacú le haistriú an gheilleagair chiorclaigh in Earnáil Tógála na hÉireann*. Tionscnamh ba ea é sin de chuid Ghrúpa Earnála Tógála (GET) an Rialtais.

**Lúnasa 2024**

**Do Chaighdeáin, Do Bharúil**
Reáchtáladh comhairliúcháin phoiblí i rith an tsamhraidh, lena n-áirítear comhairliúchán amháin faoi Dhréachtchaighdeán na hÉireann maidir le fálú capall agus graíonna (I.R. 437:2024 Fálú capall agus graíonna – cuaille agus ráille adhmaid).

Chomh maith leis sin, thacaigh ÚCNÉ le sraith comhairliúchán poiblí a bhain le coincréit mar chuid d'athbhreithniú agus d'athstruchtúrú EN 206:2013 +A2:2016 - Coincréit - Sonraíocht, feidhmíocht, táirgeadh agus comhréireacht.

**Meán Fómhair 2024**

**Cibearshlándáil ar fud na hEorpa a threisiú**
Seoladh TrustBoost, tionscadal nua atá comhordaithe ag ÚCNÉ chun cibearshlándáil ar fud na hEorpa a threisiú. Le tacaíocht ón gClár don Eoraip Dhigiteach, forbróidh cuibhreannas an tionscadail straitéisí, uirlisí agus teicneolaíochtaí nua chun éiceachóras digiteach níos sláine a chruthú don Eoraip.

**Sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht paisinéirí**
D'óstáil Foireann Deimhniúcháin Gluaisteáin ÚCNÉ Cruinniú Eorpach na nÚdarás Cineálcheadaithe (CÚCC) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail comhaltaí ó 18 n-údarás ceadaithe as ar fud na hEorpa ar an imeacht seo. Is fóram é CÚCC d'údaráis cheadaithe chun plé agus comhchuibhiú a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta a bhaineann le reachtaíocht chineálcheadaithe.

**Táillí tacsaí a fhíorú**
Sular tháinig an táille tacsaí uasta náisiúnta nua i bhfeidhm, reáchtáil Seirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla (SMD) ÚCNÉ ceardlanna do shuiteálaithe tacsaimhéadar. Tá SMD freagrach as comhlíontacht tacsaiméadar in Éirinn a chinntiú, rud nach mór a fhíorú i gcónaí.

**Pobal na gcaighdeán idirnáisiúnta**
Rinneadh POF ÚCNÉ, Geraldine Larkin, ionadaíocht ar an eagraíocht ag Cruinniú Bliantúil EIC (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán). Ag an imeacht seo léiríodh an tslí is féidir le caighdeáin idirnáisiúnta dlús a chur le fás inbhuanaithe agus ionchuimsitheach, tacú le IS fhreagrach agus todhchaí an chaipitil dhaonna a mhúnlú.

**Méadreolaíocht dhlíthiúil – lasmuigh de ghnáthuaireanta**
Reáchtáil Cigirí Méadreolaíochta Dlíthiúla ó ÚCNÉ roinnt feachtas lasmuigh de ghnáthuaireanta, agus leagadh béim ar leith ar uirlisí tomhais trádála a úsáidtear do bhainne, ola, dramhaíl agus in áitreabh ceadúnaithe.

## Deireadh Fómhair 2024

**Barr feabhais comhshaoil**
Chun ceiliúradh a dhéanamh ar an Lá Domhanda an Éicilipéid, sheol ÚCNÉ feachtas feasachta d'éicilipéad oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Aitheanta go hidirnáisiúnta, tacaíonn Éicilipéad an AE le barr feabhais comhshaoil. Bronntar an t-éicilipéad ar tháirgí agus ar sheirbhísí a chomhlíonann ardchaighdeáin chomhshaoil i rith a saolré.

**Lá Domhanda na gCaighdeán**
Thug an tAire Stáit, Dara Calleary TD, an t-aitheasc tosaigh ag Fóram agus Searmanas Bronnta Gradam Lá na gCaighdeán a bhí bunaithe ar an téama *Caighdeán agus an Saol Digiteach*. I rith an imeachta, a eagraíodh mar chuid de Lá Domhanda na gCaighdeán, d'óstáil ÚCNÉ toscairí as ar fud na hÉireann chun aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann comhaltaí coiste na gcaighdeán oibre i rith na bliana.

**#IsMuidneFeistíLeighisÚCNÉ**
D'urraigh, léirigh agus d'eagraigh roinn Feistí Leighis ÚCNÉ taispeántas ag an gcomhdháil Rochtain Dhomhanda a reáchtáladh i nGaillimh, a d'eagraigh Cumann Teicneolaíochta Míochaine na hÉireann. I láthair ag an imeacht seo bhí saineolaithe náisiúnta, lucht déanta beartas, rialtóirí agus ionadaithe ón tionscal teicneolaíochta míochaine domhanda.

**Garsprioc: Síneadh leis an nGreille Uainiúcháin Náisiúnta**
D'fhógair SNM ÚCNÉ gur seoladh an chéad seirbhís fíoraithe Srutha Sonraí CSD/CDLS (SSSF) san Eoraip, síneadh le Greille Uainiúcháin Náisiúnta na hÉireann.

**Athchúrsáil fhreagrach, ar fud an domhain**.
Bhuail ÚCNÉ Inc le cliantchuideachtaí agus le gnólachtaí fad is a bhí taispeántas ar siúl ag an r-Chruinniú Mullaigh (Cruinniú Mullaigh Inbhuanaitheachta Leictreonaice), chun tacú le deimhniúchán agus le seirbhísí athchúrsála freagracha. I láthair ag an imeacht, a reáchtáladh in Austin, Texas, bhí páirtithe leasmhara ón tsaolré leictreonaice a raibh sé mar aidhm acu tacú le nuálaíocht agus le comhoibriú ar mhaithe le geilleagar domhanda níos ciorclaí agus níos inbhuanaithe.

## Samhain 2024

**Bainistíocht fuinnimh**
Bronnadh deimhniúchán ISO 50001:2018 Córais bhainistíochta fuinnimh ar ÚCNÉ, a chlúdaíonn ídiú fuinnimh i bhfoirgnimh agus i bhfeithiclí flít ÚCNÉ in Éirinn.

**Ceannairí gnó**
Labhair POF ÚCNÉ, Geraldine Larkin, ag coinbhinsiún ceannairí gnó faoi inbhuanaitheacht agus faoi iomaíochas mar chuid de phainéal dar teideal *Cothromaíocht a chinntiú idir iomaíochas agus glan-nialasacht.* Ba é Tionscail Innealtóireacht Éireann in CGFÉ a d'eagraigh an t-imeacht, agus páirteach ann freisin bhí GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann.

## Nollaig 2024

**Tógáil: Samhaltú Faisnéise Foirgnimh**
Bhunaigh ÚCNÉ a roinn Samhaltaithe Faisnéise Foirgnimh (SFF) laistigh dá rannán Deimhniúcháin. Is próiseas é SFF chun faisnéis maidir le tionscadal tógála, i rith a saolré, a chruthú agus a bhainistiú.

**An Bithgheilleagar in Éirinn**
Bhunaigh ÚCNÉ coiste náisiúnta don bhithgheilleagar (ÚCNÉ/CT 169 – Bithgheilleagar) chun tacú le ról an
chaighdeánaithe agus an poitéinseal a bhaineann leis chun tacú leis an mbithgheilleagar. Áirítear ar an earnáil seo seirbhísí agus infheistíochtaí a chaomhnaíonn, a tháirgeann, a athghineann, a phróiseálann, a dháileann nó a úsáideann acmhainní bitheolaíocha.

**Táillí tacsaí**
Ó tharla go bhfuil táillí tacsaí uasta nua ag teacht i bhfeidhm, lean SMD ÚCNÉ ar aghaidh lena fheachtas fíoraithe tacsaiméadair do shealbhóirí ceadúnas tacsaí.

# Ár gcuid oibre a chur i gcomhthéacs

## Forléargas straitéiseach agus beartais

Léiríonn spriocanna straitéiseacha ÚCNÉ cé chomh fairsing agus domhain is atá an t-eolas laistigh den eagraíocht, agus áirítear cion do bheartais náisiúnta. I gcaitheamh 2024, chuir ár gcuid oibre leis na spriocanna sin:

### Fás ar Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide Éireannacha

I gceann dár bpríomhthionscadail straitéiseacha, *Ag Tacú le Fás Eacnamaíoch Náisiúnta agus le FBManna*, d'fhorbair ÚCNÉ, agus rollaigh sé amach, uirlisí féinmheasúnaithe do FBManna maidir le caighdeán an phríomhchórais bainistíochta – EIC 27001 (bainistíocht slándála faisnéise). Seolfar an aip nua seo in earrach 2025. Leanamar ar aghaidh lenár bhfeachtas feasachta agus lenár sraith seimineár gréasáin do FBManna Éireannacha faoi na buntáistí a bhaineann le slándáil faisnéise, *Bímis ag caint faoi shlándáil faisnéise*.

Sheol ÚCNÉ *Deimhniúchán do Ghairmithe Bainistíochta Nuálaíochta* i gcomhpháirt le hInstitiúidí Taighde na Sualainne (ITS). Tacaíonn sé sin leis na nasc idir nuálaíocht agus fás eacnamaíoch agus tugann sé aitheantas do ghairmithe bainistíochta nuálaíochta in Éirinn.

### Gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht

Thacaigh ÚCNÉ go hiomlán le soláthar beartas Eorpach agus náisiúnta faoin bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide trí sheirbhísí bonneagair theicniúil a chur ar fáil do na nithe seo a leanas:

+ teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn
+ modhanna ísealcharbóin agus modhanna tógála nua-aimseartha (MTN)
+ oiriúnú don athrú aeráide
+ gabháil carbóin agus úsáid breoslaí malartacha.

### Gealltanais *Tithíocht do Chách* a chomhlíonadh

Faoi bheartas an Rialtais maidir le *Tithíocht do Chách* chuir ÚCNÉ an méid seo a leanas ar fáil:

+ deimhniúcháin ar an gcéim tógála
+ clárú ar mhodhanna tógála nua-aimseartha (MTN)
+ comhlíontacht ar shuiteáil chórais fhoirgníochta faoi rialacháin fhoirgníochta.

Bhunaigh ÚCNÉ a roinn nua SFF i mí na Nollag 2024.



NSAI

**ÚCNÉ ar líne**
Éire: NSAI.ie
An Ríocht Aontaithe: NSAI.uk
Domhanda: NSAIinc.com

**ÚCNÉ ar na meáin shóisialta**

linkedin.com/company/national-standards-authority-of-ireland

x.com/NSAI_standards

instagram.com/NSAI_standards

facebook.com/NSAIstandards


**Ceanncheathrú ÚCNÉ**
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1 Cearnóg an Déin Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9, Éire. D09 A0E4


**ÚCNÉ: Achoimre ar Nuacht**
Chun nuashonruithe rialta a fháil maidir le caighdeáin, deimhniúchán agus tomhas, cláraigh chun Ríomhiris saor in aisce ÚCNÉ a fháil nó scan an Cód QR thíos.

**Scan anseo le haghaidh Ríomhiris ÚCNÉ**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland